Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Iúil 2023
(OR. en)

12057/23

LIMITE

CORLX 771
CFSP/PESC 1109
RELEX 942
COAFR 281
COARM 198
CONUN 201
FIN 823

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0292 (NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó |

**RIALACHÁN (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/… ón gComhairle an … Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó[1+],

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L ….

+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha agus dáta glactha an Chinnidh a leagtar amach in ST 12055/23, agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005[1] ón gComhairle, tugtar éifeacht do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle[2] agus foráiltear do bhearta áirithe atá dírithe i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), lena n-áirítear a gcuid sócmhainní a reo.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide in PDC, leasaítear le Cinneadh (CBES) 2023/…[+] na critéir maidir le liostú uathrialach an Aontais chun gur féidir bearta sriantacha spriocdhírithe a chur i bhfeidhm i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a thugann tacaíocht d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine a chothú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(3) Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2023/…[+], go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na bearta sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit uile.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 193 23.7.2010, lch. 1).

[2] Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 21.12.2010, lch. 30).

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 12055/23.



PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 2b de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) tacaíocht a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine a chothú in PDC.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC